# TUARASCÁIL

# don

# AIRE IOMPAIR

# don bhliain dar críoch

# An 31 Nollaig 2013

**Márta 2014**

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**
**An 3ú hUrlár**
**Teach Alexandra**
**Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**Guthán: +353 (0) 1–6611700, Facs: +353 (0) 1-6611269**

**Ríomhphost:** info@aviationreg.ie
www.aviationreg.ie

# CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ....3

MUIRIR AGUS RIALÁIL SEALANNA....5

CEADÚNÚ AGUS FAOMHADH....12

CEARTA AERPHAISINÉIRÍ....19

FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA....25

FAISNÉIS AIRGEADAIS....30

GLANIONCAM....31

AGUISÍN....35

# RÉAMHRÁ

Tháinig feabhas ar go leor codanna d'eitlíocht na hÉireann anuraidh, cé gur beag athrú a tháinig ar leibhéil ghníomhaíochta i gcodanna eile. Tháinig méadú 4.5% ar ghluaiseachtaí aerárthaí tráchtála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus ní dhearna an meath a tháinig i gCorcaigh agus i Sionainn iad a sheach-chur ach beagán; bhí an trácht foriomlán 1.6% níos airde ná mar a bhí sé bliain roimhe sin. Anuas air sin, tháinig méadú mór 6% go dtí 20.2 milliún, ar líonta paisinéirí aerfoirt ag Baile Átha Cliath, bhí na líonta beagán níos airde ag Sionainn agus níos lú i gCorcaigh. Lean na haeriompróirí ag a bhfuil ceadúnas Éireannach le brabús a dhéanamh in 2013 agus rinne siad seirbhísí a fhairsingiú, fad a rinne na hiompróirí níos lú a gcaillteanais a laghdú. Níor tháinig aon athrú ar an láimhdeachas sa trádáil taistil ó 2012, arbh ionann é agus €1.1 billiún; is ionann gníomhairí taistil agus thart ar thrí cheathrú den ghnó seo. Tháinig méadú ar an líon de mhuintir an phobail a thug fiosrúcháin chun solais maidir le saincheisteanna faoi chearta aerphaisinéara.

I leith an chúlra seo, leanann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) bheith freagrach as rialáil gheilleagrach agus as cosaint tomhaltóirí in eitlíocht na hÉireann. Go tréimhsiúil, leagaimid teorainn ar mhuirir eitlíochta an DAA agus an IAA; déanaimid roinnt ceanglais eitlíochta a cheadúnú (aerlínte, cuideachtaí láimhseála, gníomhairí taistil agus oibreoirí turas); agus cuirimid roinnt cearta d'aerphaisinéirí i bhfeidhm (gearáin incháilithe a fhiosrú; aisíocaíochtaí a dhéanamh, agus, más gá, paisinéirí a aisdúichiú atá tréigthe tar éis cliseadh gnóthais).

Déantar cur síos ar ár n-obair in 2013 sa chuid eile den tuarascáil seo. Go hachomair, d'fhoilsíomar páipéar saincheisteanna ina leagtar amach na ceisteanna beartas rialála a bhaineann leis an gcéad chinntiúchán eile ar mhuirir aerfoirt, agus d'fhoilsíomar ceithre thuarascáil ráithiúla ar fheidhmíocht cháilíocht seirbhíse an DAA agus an IAA. Seachas fad na scuainí slándála, comhlíonadh na caighdeáin cháilíochta le linn 2013. Sa cheadúnú, d'eisíomar nach mór 275 ceadúnas trádáil taistil, agus chinntíomar go ndéanfaí custaiméirí a aisíoc nó a aisdúichiú sa chás go ndúnfaí aon cheann de na gnóthais seo. Dheimhníomar go sásaíonn thart ar 60 aerlíne agus seirbhísí ar an talamh na ceanglais úinéireachta agus ghnó, lena n-áirítear oiriúnacht airgeadais agus cumhdach árachais. Thar ceann na n-aerphaisinéirí, dhéileálamar le breis agus 4,000 fiosrúchán, agus laistigh den fhigiúr iomlán sin, rinneadh imscrúdú ar 800 gearán paisinéara. Le linn an phróisis sin, fuaireamar breis agus €110,000 le haghaidh paisinéirí mar chúiteamh agus aisíocaíochtaí eitiltí ar cuireadh isteach orthu.

Maidir le feidhmíocht féin na hoifige, foilsímid táscairí ardleibhéil feidhmíochta; tugtar sonraí orthu seo san aguisín. Léiríonn siad, i measc

rudaí eile, go raibh nach mór gach ceadúnas (92%) á eisiúint laistigh de choicís tar éis go bhfuarthas na cáipéisí deiridh, agus gur réitíodh ceithre as cúig ghearán paisinéara laistigh de thrí mhí tar éis iad a fháil, agus tugadh 97% díobh chun críche laistigh de sheacht mí.

Laghdaíomar ár gcaitheamh in 2013 faoi 10% breise i dtéarmaí ainmniúla agus rinneadh an buiséad chun thart ar an méid céanna a chaitheamh in 2014. Ar an iomlán, is ionann ár gcaiteachas agus breis agus 40% níos ísle ná mar a bhí sé in 2006, a léiríonn, go príomha, laghduithe ar sholáthar foirne agus ar rátaí pá, na geilleagair sa chomhairliúcháin agus an easpa athbhreithnithe breithiúnacha a tugadh faoi deara le déanaí ar chinntí na hoifige.

Ag féachaint chun cinn chuig 2014, déanfaimid cinntiúchán ina leagfaimid caidhp phraghais ar mhuirir eitlíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse 2015-2019 agus ina gcuirfimid tús le hobair ar an gcéad caidhp phraghais eile ar mhuirir rialála aerthráchta críochfoirt. Fógróidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Beartas nua Comhtháite Eitlíochta, ag a mbeidh impleachtaí dóchúla do struchtúr, freagrachtaí agus obair an CAR. Anuas air sin, beidh 2014 an chéad bhliain ina bhféadfadh go mbeadh ar aerlínte a úsáideann 'sealanna amach' ('off slot') Aerfort Bhaile Átha Cliath nó a úsáideann an t-aerfort gan sealanna rúidbhealaigh pionós airgid a íoc. Meastar go leanfaidh obair in 2014 ar leasuithe féideartha ar rialacha an AE a rialaíonn cearta aerphaisinéirí, seirbhísí ar an talamh agus saoirí pacáiste. Tar éis roinnt dul chun cinn a dhéanamh anuraidh nuair a d'fhaomh Ranna Rialtais ár scéim pinsin foirne, tá súil againn an cleachtadh seo a chríochnú in 2014.

Amhail blianta roimhe seo, táim an-bhuíoch as mo chomhghleacaithe rialála, cheadúnaithe, chosanta tomhaltóirí agus riaracháin as ucht gur chomhlíon siad freagrachtaí na hoifige go coinsiasach, go héifeachtúil agus le dea-thoil.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

# MUIRIR AGUS RIALÁIL SEALANNA

## Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún an méid a leanas:

- caidhp phraghais a leagan a leagann teorainn ar na hioncaim iomlána in aghaidh an phaisinéara ar féidir leis an DAA a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath;
- caidhp phraghais a leagan a leagann teorainn ar na hioncaim iomlána ar féidir leis an IAA a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne;
- ní mór dóibh faomhadh a thabhairt i dtaca leis na muirir a ghearrann aerfoirt ar aerlínte chun íoc as seirbhísí do phaisinéirí a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu;
- ní mór dóibh faomhadh a thabhairt i dtaca le haon athrú a thagann ar na muirir a ghearann na húdaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne chun rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar; agus
- stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann a ainmniú faoi na Rialacháin um Chionroinnt Sealanna, agus sa chás go bhfuil gá leis, ceapann siad éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal.

Níl aon chumhacht ag an gCoimisiún muirir eile a rialáil, lena n-áirítear:

- na muirir aerthráchta idirthurais a shocraíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann; agus
- muirir charrchlóis ag aerfoirt, agus i dtéarmaí níos ginearálta, muirir nach muirir iad a bhaineann le haerloingseoireacht (ach amháin iad siúd a ghearrtar le haghaidh rochtana ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne.

Ní raibh neasacht i gceist maidir le cinntiúchán a dhéanamh ar feadh go leor de 2013. Ina ainneoin sin, bhí go leor d'obair na hoifige maidir le muirir agus le rialáil sealanna ag plé le pleanáil don chéad Chinntiúchán athruithe aerfoirt eile. Anuas air sin, d'fhreagraíomar do chomhairiúcháin na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar Bheartas Comhtháite Eitlíochta na hÉireann agus sholáthraíomar tuairimí ar thograí chun córas smachtbhannaí sealanna a thabhairt isteach.

## Muirir Aerfoirt

An 31 Iúil, d'fhoilsíomar Páipéar Saincheisteanna ina leagtar amach na saincheisteanna beartais ar dócha go ndéanfaidh siad difear don chéad Chinntiúchán eile a dhéanfaimid do mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath.

Thug an Páipéar Saincheisteanna an deis do pháirtithe chun a dtuairimí a nochtadh ar an méid a leanas:


- Na beartais rialála ar cheart dúinn a ghlacadh;
- Na modheolaíochtaí ar cheart dúinn a chur in bhfeidhm; agus
- Na foinsí sonraí ar cheart dúinn a úsáid.

Cuimsíodh sa pháipéar míreanna ar an gcur chuige i leith rialála, tuartha paisinéirí, caiteachas oibriúcháin, ioncaim thráchtála, costais chaipitiúla, inmharthanacht airgeadais, agus cáilíocht seirbhíse. Bhí ábhar i ngach caibidil inar sonraíodh na forbairtí a rinneadh ón gCinntiúchán deireanach, mar aon le plé ar roghanna rialála chun déileáil leis na saincheisteanna seo nuair a bhíonn muirir aerfoirt á rialáil.

Fuaireamar ceithre fhreagairt don Pháipéar Saincheisteanna, ón DAA, Aer Lingus, an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) agus comhaighneacht ó Fhorfás, Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann.

Amhail a léirítear sa chairt thíos (ar chairt nuashonraithe í ón bPáipéar Saincheisteanna), tháinig méadú ar an gcaidhp phraghais agus an leibhéal tuairiscithe de shásamh paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le deich mbliana anuas.  Deis a bheidh sa Chinntiúchán atá le teacht chun cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr a dhéanann muirir níos airde freastal ar leas úsáideoirí ionchasacha agus reatha do cháilíocht níos airde de sheirbhís, nó a dhéanann muirir níos ísle freastal ar thairiscint níos bunúsaí seirbhíse.

**Cairt 1.2: Praghas agus Cáilíocht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, 2005-2013**



Beidh an Cinntiúchán nua i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015 agus mairfidh sé ar feadh ceithre bliana ar a laghad. Faoinár n-amchlár reatha, tá súil againn Dréachtchinntiúchán a fhoilsiú i mBealtaine 2014, agus an Cinntiúchán Deiridh a chur i dtoll a chéile i Meán Fómhair.

I rith na bliana, chas foireann ón CAR le rialtóirí na hAfraice Theas chun plé a dhéanamh ar conas a rialaítear muirir aerfoirt in Éirinn agus bhí siad ina gcathaoirleach ar chruinniú rialtóirí aerfoirt na hEorpa. Thug an cruinniú le rialtóirí eitlíochta na hEorpa an deis dúinn coimeád chun tosaigh ar conas a chinntíonn Údaráis Neamhspleácha Maoirsithe comhlíonadh na Treorach Muirir Aerfoirt.

## Muirir Sheirbhíse Críochfort Eitlíochta

Féadfaidh Cinntiúchán 2011 a rialaíonn na muirir sheirbhíse críochfort eitlíochta, an IAA, tobhach a ghearradh ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne agus rinne Painéal Achomhairc é a atreorú ar ais chuig an CAR go déanach in 2012.

Bhain an t-atreorú le caitheamh le costais phinsin. Thugamar an t-athbhreithniú chun críche laistigh den amfhráma dhá mhí a cheadaítear faoin reacht, a dhéanann ár gcinneadh deiridh a dhearbhaigh ár gCinntiúchán 2013 in Eanáir a phoibliú. Le linn ár n-athbhreithnithe, thugamar cuireadh do thuairimí ó pháirtithe leasmhara agus fuaireamar freagairtí ó Aer Lingus agus ón IAA.

I gcaitheamh 2013, rinneamar iarracht chun coimeád chun tosaigh ar fhorbairtí a bhain leis an gclár Spéir Shingil na hEorpa, cé gurb iad an IAA Údarás Neamhspleách Maoirsithe na hÉireann. Baineann an buntáiste chun taithí a thabhairt dár bhfoireann, lenár leas, ar an timpeallacht rialála roimh chónascadh beartaithe an CAR le roinn sábháilteachta an IAA. Thairis sin, d’fhéadfadh na forbairtí bheith ábhartha dár gcéad Chinntiúchán eile ar sheirbhísí críochfort eitlíochta atá le cur i dtoll a chéile in 2015. Tá súil againn an Páipéar Saincheisteanna a fhoilsiú, agus tús a chur leis an bpróiseas sin in 2014.


## Caidhpeanna Rialaithe agus Muirir Fhaofa

Braitheann na caidhpeanna praghais do mhuirir aerfoirt agus sheirbhíse críochfort eitlíochta go mbaineann an DAA nó an IAA cáilíocht na gcaighdeán seirbhíse amach a shonraítear sna Cinntiúcháin faoi seach.

In 2013, d’fhoilsíomar tuarascálacha ráithiúla ina leagtar amach conas a d’éirigh leis an DAA agus an IAA i leith na gcaighdeán seo. Seachas fad na scuainí slándála, comhlíonadh na caighdeáin i rith na bliana. I gcás scuainí slándála, sáraíodh an ceanglas ceithre huaire i gCríochfort 1 nár cheart do

phaisinéir ar bith bheith ag fanacht i scuaine ar feadh breis agus 30 nóiméad. Tharla na sáruithe seo i Márta agus Aibreán 2013. Ó shin i leith, tháinig titim ar na hamanna tuairiscithe scuainí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, amhail a léiríonn an chairt thíos. Agus aird ar na líonta paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2013, laghdaigh na ceithre shárú an t-ioncam a d'fhéadfadh an DAA a bhailiú ó mhuirir aerfoirt faoi thart ar €400,000.

**Cairt 1.2: Na hUastréimhsí Scuaine Slándála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 2013**




*Foinse: An DAA*

Léirítear na caidhpeanna praghais in 2014 sa tábla thíos (ag glacadh leis go gcomhlíonann an DAA agus an IAA cáilíocht na gcaighdeán seirbhíse). I gcás muirir sheirbhíse críochfoirt, tháinig athrú ar an sainmhíniú ar aonaid seirbhíse críochfoirt idir 2013 agus 2014. Agus rialáil á déanamh ar an athrú seo, tá an chaidhp bhliantúil níos ísle ná mar a bhí in 2013.

### Tábla 1.1: Achoimre ar Chaidhpeanna Rialaithe Praghais

| Saghas na Caidhpe Praghais | Caidhp Phraghais 2014 |
| --- | --- |
| Muirear Aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Níor cheart dó €10.68 in aghaidh an phaisinéara a shárú* |
| Mhuirir chríochfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne | Níor cheart dóibh €156.92 in aghaidh an aonaid seirbhís críochfoirt a shárú* |

* Ag glacadh leis go gcomhlíontar cáilíocht na gcaighdeán seirbhíse.

Ní bhfuaireamar aon iarratais ó na comhlachtaí ábhartha bainistíochta aerfoirt chun muirir a bhainistiú maidir le rochtain ar shuiteálacha aerfoirt, ar a dtugtar muirir ATI, chomh maith. Is iad seo na muirir is gá do na seirbhísí ar an talamh a íoc chun rochtain a fháil ar an trealamh a theastaíonn chun seirbhísí ar an talamh ag na haerfoirt seo a sholáthar. Léirítear na leibhéil mhuirir a faomhadh roimhe seo d’Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne, thíos (nuashonraíodh iad i dtaobh boilsciú, sa chás cuí).

### Tábla 1.2: Achoimre ar Mhuirir Fhaofa

| Saghas an Mhuirir Rochtana | Muirear Faofa ATI amhail an 1 Ean 2014 |
| --- | --- |
| Táille bhliantúil ar dheasc seiceála isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath<br>Deasc seiceála isteach solúbtha – cíos in aghaidh na huaire | €25,784 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana<br>€31 in aghaidh na deisce in aghaidh na huaire (nó cuid d’uair) |
| Táille bhliantúil ar dheasc seiceála isteach ag Aerfort Chorcaí<br>Deasc seiceála isteach solúbtha – cíos in aghaidh na leathuaireTáillí CUTE* | €13,370 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana<br>€5.35 in aghaidh na deisce in aghaidh na leathuaire (nó cuid d’uair)<br>€0.24 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord |
| Táille bhliantúil ar dheasc seiceála isteach ag Aerfort Shionainne<br>Deasc seiceála isteach solúbtha – cíos in aghaidh na huaire<br>Táillí CUTE* | €9,326 in aghaidh na deisce in aghaidh na bliana<br>€23 in aghaidh na deisce in aghaidh na huaire (nó cuid d’uair)<br>€0.30 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord |

* Trealamh Úsáide Coitinne Críochfoirt

## Leithdháileadh Sealanna


Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath, go fóill, an t-aon aerfort in Éirinn atá sainithe mar aerfort comhordaithe sealanna. Sainíodh é i bhFeabhra 2007. Cheapamar Airport Coordination Limited (ACL) mar an gcomhordaitheoir sealanna; tá freagracht laethúil orthu as comhordú.

In 2013, thug Éire córas smachtbhannaí sealanna isteach. Bhíomar i mbun idirchaidrimh leis an Roinn, agus tuairimí á soláthar ar dhréachtaí luatha na hIonstraime Reachtúla a raibh an córas nua á chur i bhfeidhm aici.

Tugann an IR an fhéidearthacht isteach go mbeidh ar aerlínte a sháraíonn na rialacha leithdháilte pionós airgid a íoc. Roimhe seo, ba iad an t-aon uirlis a bhí ar fáil don chomhordaitheoir chun na sealanna a ghlacadh ar ais nó gan sealanna marthanaithe a leithdháileadh arís d'iompróirí a sháraigh na rialacha leithdháilte.

Tugadh na rialacha nua isteach go déanach in 2013, agus ar an ábhar sin, ní raibh dóthain ama againn chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht chun cásanna a laghdú ina raibh aeriompróirí ag oibriú gan seal nó cásanna ina raibh neamhoibriú seala. Anuraidh, lean Baile Átha Cliath le hábhairín níos mó de na sáruithe seo a chur i dtaifead ná mar a cuireadh i dtaifead sna trí aerfort i Londain agus in Aerfoirt Mhanchain, amhail a léirítear sa chairt thíos.

### Cairt 1.3: Oibriú gan Seal agus Neamhoibriú Seala, Samhradh 2013




*Foinse: An ACL*

## Clár Oibre le haghaidh 2014

| Sprioc | Gníomhartha chun an sprioc a bhaint amach |
|---|---|
| An obair ar an gcéad Chinntiúchán eile a chríochnú a rialaíonn muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | An Dréachtchinntiúchán a fhoilsiú<br>An Cinntiúchán Deiridh a fhoilsiú |
| Tús a chur leis an obair ar an gcéad Chinntiúchán eile a rialaíonn muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne | An Páipéar Saincheisteanna a Fhoilsiú |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaidhpeanna praghais agus oibriú gan fhadhbanna leanúnach an chórais reatha sceidealaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar bhearta cáilíochta seirbhíse don DAA agus don IAA<br>Freastal ar chruinnithe Choiste Comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an ACL |

# CEADÚNÚ AGUS FAOMHADH

## Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún an méid a leanas:

- aeriompróirí atá lonnaithe in Éirinn a cheadúnú, ar aeriompróirí iad a iompraíonn paisinéirí, postas nó lastas chun críche íocaíochta agus/nó fruilithe;
- gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear a cheadúnú;
- scéim bannaí do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turas a riar, agus éilimh aisíocaíochtaí agus aisdúichithe a phróiseáil sa chás go dteipeann ar ghníomhaire taistil nó ar thionscnóir turas i dtaobh cúrsaí gnó de;
- líomhaintí faoi thrádáil mhídhleathach a imscrúdú agus, nuair is gá, trádálaithe mídhleathacha a ionchúiseamh; agus
- faomhadh a thabhairt do chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh, amhail aerárthaigh a chogairsiú, ualú;dí-ualú, athbhreoslú, láimhseáil bagáiste agus paisinéirí agus cothabháil aerárthaí ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne

Ní chuimsíonn ról an Choimisiúin:

- rialáil sábháilteachta, ar feidhm í seo den IAA;
- socruithe taistil i ndáil le taisteal intíre in Éirinn;
- gearáin a láimhseáil ó thomhaltóirí maidir le gníomhairí taistil, oibreoirí turais, óstáin, bagáiste nó aerlínte;
- gearáin a láimhseáil maidir le fógraíocht (seachas nuair a bhaineann sí le trádáil a d’fhéadfadh bheith mídhleathach a d’fhéadfadh bheith ar siúl).

Riarann an CAR córais cheadúnaithe agus faofa in Éirinn d’aeriompróirí, láimhseálaithe ar an talamh agus gnóthais trádála taistil. Níor tháinig ach athrú fíor-bheag ar an líon iomlán gnóthas in 2013, amhail a léiríonn an tábla a leanas. I rith na bliana, rinneadh monatóireacht ar shealbhóirí ceadúnais agus faofa i dtaobh chomhlíonadh na gcóras reachtúil a rialaíonn na hearnálacha seo.

### Tábla 2.1: Líon Cheadúnais agus Fhaomhadh an CAR, 2013

| | Aer-iompróirí | Láimhseálaithe ar an talamh | | Gníomhairí Taistil | Oibreoirí Turais |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Féin-láimhseáil | Tríú Páirtí | | |
| **Sealbhóirí Ceadúnais, an 1 Ean 2013** | **14** | **12** | **36** | **220** | **53** |
| Ceadúnais/Faomhadh Nua | 1 | 0 | 1 | 6 | 1 |
| Ceadúnais a cúlghaireadh/a tugadh suas | 1 | 1 | 0 | 5 | 1 |
| **Sealbhóirí Ceadúnais, an 31 Nol 2013** | **14** | **11** | **37** | **221** | **53** |

*Foinse: An CAR*

## Ceadúnú Aeriompróirí

Ag deireadh 2013, bhí ceadúnais ón CAR ag ceithre aeriompróir déag a bhí bunaithe in Éirinn chun tabhairt faoi oibríochtaí tráchtála aeriompair. Deonaíodh ceadúnas nua amháin in 2013 agus cúlghaireadh ceann amháin. Ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, eisíodh dioscaí ceadúnais d'oibreoirí aerárthaí beaga agus héileacaptar lena dtaispeáint i ngach ceann de na haerárthaí. Leanamar le monatóireacht a dhéanamh ar chás airgeadais aeriompróirí, lena n-áirítear iad siúd ag a raibh staid níos laige airgeadais.

Tháinig roinnt athruithe le déanaí ar úinéireacht in eitlíocht na hÉireann. Rinne an CAR athbhreithniú in 2013 ar cheannach Aer Árann ag úinéirí nua in 2012, amhail a cheanglaíonn an rialachán ceadúnaithe. D'fhógair Aer France-KLM i Nollaig 2013 comhaontú chun Cityjet a dhíol le hinfheisteoir Gearmánach, Intro Aviation.

Deonaíodh ceadúnas nua oibriúcháin don Ionad Náisiúnta Eitiltí in 2013. Cúlghaireadh ceadúnas iompróra eile ar éag a nDeimhniú Aeroibreora. Anuas air sin, fuair an CAR iarratas ar cheadúnas oibriúcháin ó Norwegian Air International Ltd a deonaíodh go luath in 2014. Coimeádtar liosta iomlán de shealbhóirí cothrom le dáta ar láithreán gréasáin an CAR.

In Iúil 2013, d'eagraigh an CAR cruinniú le hionadaithe de líon stáit eile AE chun plé a dhéanamh ar mhonatóireacht airgeadais agus chun eispéiris agus ceachtanna sa limistéar seo agus i limistéir ghaolmhara a roinnt.

D'fhonn cabhrú le hiarratasóirí, d'fhoilsíomar Treoir d'úsáideoirí áis iarratais ar líne an CAR.[1] Ar a bharr sin, chuireamar achoimre lenár láithreán gréasáin ar na ceanglais mhonatóireachta agus chomhlíonta le


[1] Féach http://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/apply-for-a-licence.141.html

haghaidh sealbhóirí ceadúnais, agus na saghsanna faisnéise a bhailíonn an CAR go minic.[2]

## Faomhadh Láimhseála ar an Talamh

Féadtar dhá shaghas d'fhaomhadh láimhseála ar an talamh a dheonú faoi chóras ceadúnaithe an AE. Tugtar féinláimhseálaí ar aerlíne ag a bhfuil faomhadh lena seirbhísí féin láimhseála ar an talamh a sholáthar, agus tugtar soláthróir tríú páirtí orthu siúd ag a bhfuil faomhadh chun na seirbhísí sin a sholáthar do chinn eile. Ag deireadh 2013, bhí 11 fhéinláimhseálaí fhaofa agus 37 láimhseálaí faofa tríú páirtí ag oibriú ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Shionainne. Léiríonn Fíor 2.1 anailís ar na líonta d'fhéinláimhseálaithe faofa agus de sholáthróirí seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir aerfoirt.

**Fíor 2.2: Soláthróirí Faofa de Sheirbhísí Láimhseála ar an Talamh de réir Aerfoirt, 2013**




*Foinse: An CAR*

I rith 2013, dheonaigh an CAR faomhadh nua láimhseála tríú páirtí amháin. Tugadh faomhadh reatha féinláimhseála suas. Anuas air sin, chomhaontaigh an CAR freagairt d'iarratais ó thriúr sholáthróirí reatha chun a seirbhísí láimhseála ar an talamh a shíneadh isteach i seirbhísí nua.

Eisítear faomhadh ar feadh tréimhse cúig bliana. Rinne an CAR seacht bhfaomhadh a athnuachan in 2013.

D'fhonn na ceanglais a leagtar ar láimhseálaithe faofa ar an talamh a shoiléiriú, d'fhoilsíomar achoimre ar ár láithreán gréasáin ar na ceanglais

[2] Féach http://www.aviationreg.ie/airline-licensing-the-commissions-role/documents.215.html

mhonatóireachta agus chomhlíonta agus ar na saghsanna faisnéise a bhailíonn an CAR go minic.[3]

Ar leibhéal an AE, lean plé ar thogra reachtaíochta le haghaidh Rialachán leasaithe Láimhseála ar an Talamh. In Aibreán 2013, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa leasuithe ar thogra an Choimisiúin Eorpaigh agus bhain siad comhaontú coiteann amach ar an Rialachán Láimhseála ar an Talamh. Tá an CAR ar feitheamh breis forbairtí sa limistéar seo ar leibhéal an AE agus déanfaidh siad cumarsáid leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir mar is gá ina dhiaidh sin chun an Rialachán nua a chur i bhfeidhm in Éirinn.

## Ceadúnú Trádáil Taistil

Cheadúnaigh an CAR 274 gnóthas taistil in 2013. Amhail a léiríonn Tábla 2.1 thuas, léirigh seo glanmhéadú gníomhaire taistil amháin agus líon neamhathraithe oibreoirí turais. Ar éigean a tháinig athrú in aon chor ar an láimhdeachas iomlán ceadúnaithe (€1.1 billiún); d'fhabhraigh breis agus 80% den ghnó seo ó ghníomhairí taistil. Chuaigh sealbhóir ceadúnais amháin leis an riarachán i gcaitheamh na bliana.

D'fhonn an CAR a sholáthar leis na cistí chun aisíocaíochtaí a dhéanamh agus chun aisdúichiú a eagrú nuair is gá, tá ar oibreoirí turais bannaí a fháil atá ar cóimhéid le 10% dá láimhdeachas tuartha incheadúnaithe; ní mór do ghníomhairí taistil amhlaidh a dhéanamh chomh maith, ach ar ráta 4%. Léiríonn Tábla 2.2 thíos luach an láimhdeachais thuartha agus an bhannaithe iomláin le haghaidh 2013 agus 2012. Ní áiríonn láimhdeachas incheadúnaithe ioncam ó ghnó eile (e.g. taisteal intíre).

Dá dteipfeadh na cistí atá ar fáil ó na bannaí a sholáthair oibreoirí turais agus gníomhairí taistil chun íoc as costais iomlána aisíocaíochtaí agus aisdúichithe, tá Ciste Cosanta na dTaistealaithe (TPF) ar fáil chun íoc as an sprioceasnamh. Tráth dheireadh 2013, b'ionann an t-iarmhéid sa chuntas seo agus beagán de bhreis ar €5 milliún.

[3] Féach http://www.aviationreg.ie/groundhandling-the-commissions-role/apply-for-an-approval.147.html.

### Tábla 2.2: Láimhdeachas Tuartha Incheadúnaithe (PLTO) agus Bannú Iomlán Thionscal Taistil na hÉireann, 2012 agus 2013

| Aonáin Cheadúnai | 2013 (€m) | | 2012 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| Oibreoirí Turais | 18 | 184 | 20 | 200 |
| Gníomhairí Taistil | 37 | 927 | 37 | 934 |
| Iomlán | 55 | 1,111 | 57 | 1,134 |

*Foinse: An CAR*

In Aibreán, chuaigh sealbhóir ceadúnais atá bunaithe sa RA agus a bhfuil oifig acu i gCorcaigh, French Freedom Holidays, leis an riarachán. Ina dhiaidh sin, fuair an CAR 12 éileamh ar a raibh luach iomlán €11,140 agus ba dhóthanach an banna a bhí ag an CAR chun íoc as gach éileamh incháilithe.

D'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh choinníollacha an cheadúnais, tugaimid cuairt, gach bliain, ar áitreabh gnó sampla de na sealbhóirí ceadúnais. Tugadh cuairt ar 31 áitreabh in 2013 agus deimhníodh go raibh na taifid riachtanacha á gcoimeád ag na cuideachtaí taistil a bhí faoi chaibidil agus go raibh siad comhlíontach ar gach bealach eile.

Rinneamar imscrúdú ar cheithre thuairisc de thrádáil neamhcheadúnaithe. I gcás amháin, níor aimsíodh aon neamhdhlíthiúlacht. Leanann na himscrúduithe eile ar aghaidh.

Déanann táscairí a dhéanaimid a thaifeadadh gach bliain achoimriú ar thráthúlacht obair an CAR agus tá tuairisc air seo san aguisín leis an tuarascáil seo. Ag pointe áirithe in obair cheadúnaithe trádáil taistil, eisímid litir ina moltar d'iarratasóirí banna a lorg; tugaimid litir chinnidh-i-bprionsabail air seo. Tá sé de chuspóir againn na litreacha siúd a eisiúint laistigh de mhí amháin tar éis iarratais a fháil. D'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht sa limistéar seo ar thoradh na bliana roimhe seo, tháinig meath ar an luas a thugamar fógra do pháirtithe i leith iarratas neamhiomlán. I ndeireadh na dála, fuair nach mór gach iarratasóir (92%) ceadúnas laistigh de choicís tar éis fianaise a fháil go bhfuarthas banna.

Sholáthair leachtaitheoir Fáilte Travel Ltd a dtuarascáil deiridh don Ard-Chúirt in Aibreán 2013. Tugadh easnamh €2.96 milliún faoi deara ann i ngnóthaí na cuideachta. In Iúil, rinne an Leachtaitheoir iarratas go

ndéanfaí an chuideachta a dhíscaoileadh agus deonaíodh an t-ordú seo. Roimhe seo, d'ordaigh an Ard-Chúirt go gcuirfí srian ar bheirt stiúrthóirí na cuideachta ó ghníomhú mar stiúrthóir nó rúnaí cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana ón 23 Aibreán 2012 i leith.

In 2010, rinneadh a gcostais a dhámhachtain ar an CAR a d'eascair ó chaingean dlí ar chuir Budget Travel tús leo. I Lúnasa 2013, fuair an CAR €28,840 arbh ionann seo agus leithdháileadh eatramhach 40% dá n-éileamh faofa. Tá súil ag an Leachtaitheoir dáileadh deiridh a dhéanamh do chreidiúnaithe faofa tar éis gur réitíodh na saincheisteanna a bhí gan réiteach. Déantar cur síos ar imeachtaí leanúnacha dlí i limistéar na trádála taistil ina raibh baint ag an CAR thíos sa chaibidil ar Riarachán agus Feidhmeanna Dlí.

Eascraíonn an scéim ceadúnaithe agus bannaithe don tionscal taistil ón Acht Iompair (Oibreoirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982. Baineann an córas seo le gach gníomhaire taistil agus oibreoir turais a dhíolann taisteal amach ó Éirinn, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe in áiteanna eile san Aontas Eorpach. Tar éis go ndearnadh imscrúdú ar ghearán, d'fhógair an Coimisiún Eorpach i Meán Fómhair 2013 go measann siad gur bacainn atá i gcur i bhfeidhm an chórais cheadúnaithe do sholáthróirí pacáiste ó Bhallstáit eile ar shaorghluaiseacht seirbhísí san AE, amhail a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Seirbhísí. Mar fhreagairt air sin, féadfaidh an Rialtas Acht 1982 a mhionathrú, agus má bhíonn an CAR feasach ar leasuithe, cuirfimid, ar a uain sin, an tionscal ar an eolas fúthu agus leanfaimid le haon athruithe a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá plé ar bun maidir leis na rialacha a bhaineann le taisteal pacáiste a nuashonrú. In Éirinn, tá an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí freagrach as na rialacha seo. Ina ainneoin sin, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist don trádáil taistil, agus más amhlaidh a bhíonn, lorgóidh an CAR chun na forbairtí seo a chur in iúl don tionscal.

## Clár Oibre le haghaidh 2014

| Sprioc | Gníomhartha chun an sprioc a bhaint amach |
|---|---|
| Leanúint agus an córas faofa agus ceadúnaithe a riar d'aeriompróirí, láimhseálaithe ar an talamh agus gnóthais trádála taistil | Iarratais a phróiseáil ar bhealach tráthúil<br>Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i measc sealbhóirí ceadúnais agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais de réir mar a theastaíonn<br>Aon éilimh ar aisíocaíochtaí nó ar aisdúichiú a phróiseáil<br>Tuarascálacha i leith trádáil neamhcheadúnaithe taistil a imscrúdú |
| Tuiscint ar an gcóras ceadúnaithe i measc an tionscail agus an phobail a chur chun cinn | Dioscaí ceadúnais a eisiúint d'oibreoirí heileacaptair agus aerárthaí beaga<br>Cuairt a thabhairt ar aerfoirt agus ar chuideachtaí láimhseálaithe ar an talamh agus taistil chun feabhas a chur ar fheasacht agus chun comhlíonadh a sheiceáil |
| Comhairle a sholáthar maidir le togra an CE le haghaidh Rialachán nua ar Láimhseáil ar an talamh | Leanúint agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí an AE<br>Comhairle a sholáthar agus freastal ar chruinnithe de réir mar a theastaíonn |

# CEARTA AERPHAISINÉIRÍ

## Ról an Choimisiúin

Maidir le gach eitilt atá le fágáil ó aerfoirt na hÉireann agus eitiltí a thagann isteach chuig aerfoirt na hÉireann ó thíortha neamh-AE (má tá siad á n-oibriú ag iompróirí a bhfuil ceadúnas AE acu), tá freagracht orainn gearáin a fhiosrú i ndáil leis an méid a leanas:

- eitiltí a cuireadh ar ceal;
- eitiltí ar cuireadh moill ar a laghad dhá uair an chloig orthu; agus
- cásanna nach gceadaítear do phaisinéir dul ar bord nó nuair a bhíonn íosghrádú i gceist.

Fiosraímid gearáin, freisin, maidir leis an gcúnamh a fhaigheann iad siúd atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu (PRManna) sna cásanna a leanas:

- áirithint a dhéanamh;
- taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn; agus
- ar bord eitilte a d'fhág ó aerfoirt in Éirinn.

Níl an t-údarás againn déileáil le gearáin a bhaineann leis an méid a leanas:

- bagáiste, cánacha agus muirir aerlíne, formhuirir bhreosla san áireamh;
- earráidí maidir le háirithint nó ticéid agus saincheisteanna víosa;
- aisíocaíochtaí atá le híoc mar gheall ar bhreoiteacht nó méala;
- fógraíocht bhréagach;
- seirbhísí ar bord nó fadhbanna a thugann chun solais le linn na heitilte;
- paisinéirí a bhíonn mall don tseiceáil isteach;
- coinníollacha áirithinte aerlínte agus fadhbanna ar an láithreán gréasáin.


## Gearáin Phaisinéirí

In 2013, fuair an CAR €110,471, ar an iomlán, thar ceann paisinéirí a bhí thíos le cur isteach ar eitiltí: €99,850 mar chúiteamh agus €10,621 mar aisíocaíochtaí. Anuas air sin, fuaireamar dearbháin de luach $2,400 in ionad cúitimh ar iarraidh na bpaisinéirí a bhí i gceist.

Tháinig méadú ar fhiosruithe a rinneadh leis an CAR ón bpobal aníos chuig 4,304 in 2013, ar méadú breis agus 30 faoin gcéad é seo i gcomparáid le 2012. Amhail a léiríonn Fíor 3.1, tháinig titim ar fhiosruithe ar feadh dhá bhliain i ndiaidh 2010, tar éis na buaice a raibh an ghéarchéim luaithrigh bholcánaigh ina údar leis mar aon le drochaimsir na bliana sin.

Thug tuarascáil bhliantúil na bliana seo caite freagairt neamhdhóthanach faoi deara ó American Airlines, Aer Lingus and Turkish Airlines ar ghearáin óna bpaisinéirí a bhí á n-imscrúdú ag an CAR. D'eascair feabhsúcháin as plé leis na haerlínte seo ar a bpróiseas láimhseála gearán ó shin i leith.

**Fíor 3.1: Fiosruithe Bliantúla a Fuarthas 2009-2013**




*Foinse: An CAR*

Ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, rinneadh scrúdú ar fhiosruithe a fuarthas in 2013 i leith shárú féideartha rialacháin an AE. Bhí sé ina chonclúid againn gur bhain 3,058 fiosrú le ceisteanna nach raibh cuimsithe ag freagrachtaí an CAR. Sna cásanna seo, rinneamar teagmháil leis an duine agus d'atreoraíomar iad go dtí an comhlacht no an t-údarás inniúil go ndéileálfaí lena ngearán (sa chás go rabhthas feasach ar an ngearán). Bhain 16 fhiosrú le saincheisteanna um shoghluaisteacht laghdaithe agus pléitear thíos iad. Thug 1,235 fiosrú sárú féideartha le fios ar rialáil cearta paisinéirí agus caitheadh leo amhail gearáin.

## Eitiltí a Cuireadh ar Ceal, Moilleanna, Diúltú Bordála agus Íosghráduithe

Amach ó na 1,235 gearán a fuarthas, d'eascair an chuid ba mhó díobh ó chealú agus ó mhoill, seachas diúltú bordála agus íosghráduithe (féach Tábla 3.1).

### Tábla 3.1: Gearáin Aerphaisinéirí de réir Saghais agus an Chomhlachta Imscrúdaithe

| Saghas an Ghearáin | Le himscrúdú ag an CAR | Le himscrúdú ag NEB eile | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|
| Cealú | 189 | 150 | 339 | 27 |
| Moill Fhada | 362 | 256 | 618 | 50 |
| Diúltú Bordála | 30 | 38 | 68 | 5.5 |
| Íosghrádú | 3 | 1 | 4 | 0.5 |
| Eile | 205 | 1 | 206 | 17 |
| **Iomlán** | **789** | **446** | **1235** | **100** |


*Foinse: An CAR*

Bhí eitiltí i gceist leis an tríú cuid de na gearáin iomlána (446) a bhí ag fágáil aerfort i mBallstáit eile nó a bhí ag tuirlingt i mBallstáit eile ó thríú tíortha ar eitiltí a bhí á n-oibriú ag iompróirí ag a raibh ceadúnas Pobail. Chuireamar na gearáin seo faoi bhráid an chomhlachta inniúil náisiúnta forfheidhmithe (NEB) le breis imscrúdú a dhéanamh orthu, tar éis gur thugamar faoi réamh-scagthástáil lena chruthú dúinn féin gur tháinig siad faoi shainchúram na rialachán cearta aerphaisinéirí.

Bhain thart ar leath na ngearán lenar dhéileáil an CAR le heitiltí ar a raibh moill, agus bhain thart ar an gceathrú cuid le cealú. Cuirtear torthaí na 789 gearán ar a ndearna an CAR imscrúdú i láthair i bhFíor 3.2. [4]

[4] D’fhéadfadh breis agus toradh amháin a bheith ar ghearáin, e.g. d’fhéadfadh paisinéirí cúiteamh agus aisíocaíocht a fháil ar phraghas a dticéid. In 2013, d’eascair 831 toradh as na 789 gearáin a d’imscrúdaigh an CAR.

### Fíor 3.2: Torthaí Gearáin Aerphaisinéirí in 2013




*Foinse: An CAR*

Amhail ó lár mhí Feabhra 2014, cuireadh 662 de na himscrúduithe seo i gcrích agus bhí 127 díobh fós ar bun. I dtaobh torthaí de, in 335 cás (40%), deimhníodh go raibh an cás neamh-inmharthana faoin Rialachán, tharraing an paisinéir an cás siar, nó bhain an cás le sárú nach raibh fáil ar aon sásamh don phaisinéir ina leith.[5] In 196 cás breise (24%), deimhníodh gur bhain cúinsí neamhghnácha agus ghlac an aerlíne bearta um sheachaint réasúnta. In 124 cás (15%), íocadh cúiteamh leis an bpaisinéir, agus in 49 cás (6%), fuair an custaiméir aisíocaíocht chostas a dticéid agus/nó aisíocadh a gcostais.  Bhí 127 cás (15%) ar bun go fóill.

Leanaimid le himscrúdú a dhéanamh ar 127 gearán a fuarthas in 2013. I dtaobh gearán nár réitíodh ó bhlianta roimhe seo, réitíodh gach gearán de na 509 gearán a fuarthas in 2012 seachas ceann amháin. Níl aon ghearáin ann nár réitíodh ó 2011 nó tráth roimhe sin.

## Daoine ag a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe

Le linn 2013, fuair an CAR líon beag aighneachtaí a bhain le daoine ag a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe. Amach ó 16 aighneacht ar an iomlán, bhain cúig cinn le saincheisteanna réamhthaistil ach níorbh ionann iad agus sáruithe féideartha ar an Rialachán. Gearáin bhailí iad na 11 eile a bhain le cabhair ón méid a leanas:

---

[5] Mar shampla, d'fhéadfadh gur bhain na gearáin le moilleanna nár bhain na hamfhrámaí amach, ar deireadh, a shonraítear sa Rialachán, nó d'fhéadfadh gur theip ar aeriompróirí fógraí scríofa a sholáthar ina sonraítear cearta paisinéirí.

- An t-aeriompróir ag tráth na háirithinte;
- An comhlacht bainistíochta aerfoirt ag an aerfort;
- An t-aeriompróir ar bord an aerárthaigh.

Bhí sé cinn de na 11 ghearán seo oiriúnach do NEBanna i mBallstáit eile agus cuireadh ar aghaidh iad lena n-imscrúdú a luaithe a bhí réamh-athbhreithnithe curtha i gcrích. Tháinig na cúig ghearán eile faoi shainchúram an CAR agus rinneadh iad a imscrúdú agus a thabhairt chun críche, mar ba cheart. Thug an CAR trí shárú ar an Rialachán faoi deara le linn chúrsa na n-imscrúduithe seo. Leasaigh na comhlachtaí bainistíochta aerfoirt agus an t-aeriompróir a bhí bainteach sna sáruithe seo a nósanna imeachta d'fhonn atarlú na sáruithe seo amach anseo a chosc.

Thug an CAR faoi dheich n-imscrúdú in 2013 lena dheimhniú cibé an raibh nó nach raibh aeriompróirí ag comhlíonadh na rialachán aerphaisinéirí agus go raibh a ndualgais do phaisinéirí atá faoi mhíchumas agus ag a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe á gcomhlíonadh ag comhlachtaí bainistíochta aerfoirt.

## Obair eile

Lean an CAR le feasacht tomhaltóirí a lorg agus a mhúscailt faoi chearta paisinéirí i gcaitheamh 2013. Bhíomar mar óstaigh ar sheastán faisnéise ag Aonad Saoire Domhanda 2013 i mBaile Átha Cliath agus thugamar faoi roinnt feachtais feasachta sna meáin chlóite agus ar líne ag buaicamanna taistil le linn na bliana. Sholáthair ár láithreáin ghréasáin faisnéis chothrom le dáta don phobal taistil.

Leanamar ag dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach agus le NEBanna eile chun cur chuige comhchuibhithe a éascú i leith chur i bhfeidhm na rialachán. Comhalta a bhí ionainn de Ghrúpa Oibre a d'fhorbair treoirlínte chun an fhoráil 'cúinsí neamhghnácha' a chur i bhfeidhm, a dhéanann aerlíne a dhíolmhú ó chúiteamh a íoc, nuair a bhunaítear í. Foilsíodh na treoirlínte seo ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh i samhradh 2013.[6]

Anuas air sin, ghlac an CAR páirt in obair a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán cearta paisinéirí, obair ar cuireadh tús léi in 2013.

---

6 http://ec.europa.eu/transport/themes/passengers/air/doc/neb-extraordinary-circumstances-list.pdf.

## Clár Oibre le haghaidh 2014

| Sprioc | Gníomhartha chun an sprioc a bhaint amach |
| --- | --- |
| Comhlíonadh dhlíthe an AE a chinntiú a dhíríonn ar chearta paisinéirí | Gearáin a fuarthas a imscrúdú<br><br>Aerfoirt a imscrúdú |
| Tabhairt faoi thuiscint phoiblí a mhéadú ar shaincheisteanna aerphaisinéirí | Faisnéis a sholáthar ag imeachtaí oiriúnacha tionscail agus tríd an láithreán gréasáin agus le linn feachtais mheán |
| Comhairle a thabhairt ar athruithe féideartha ar Rialachán 261 | Comhairle a chur ar fáil don Roinn Iompair, Trádála agus Turasóireachta, an Coimisiún Eorpach agus don líonra NEBanna níos fairsinge |

# FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍTHIÚLA

## Acmhainní Daonna

Bhí 15 chomhalta foirne coibhéise lánaimseartha fostaithe ag an CAR in 2013. I rith na bliana, thugamar faoinár líon foirne a thabhairt aníos go dtí 17 bpost, faoi mar a faomhadh faoin gCreat Rialaithe Fostaithe. Chuige sin, earcaíodh eacnamaí breise amháin agus líonadh folúntas i bhfeidhm na trádála taistil trí athfhostú.

Íoctar comhaltaí foirne ar rátaí a chuirtear i gcomparáid go díreach le poist Státseirbhíseach agus a dhéanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a cheadú.

B'ionann costais tuarastail agus pinsin chomhalta aonair an Choimisiúin agus €192,601 in 2013. Níor soláthraíodh aon sochar eile.

## Scéimeanna aoisliúntais

Tá dualgas ar gach comhalta foirne lánaimseartha bheith rannpháirteach i scéim pinsin an CAR. Bunaíodh an scéim faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Tar éis go leor blianta inar cuireadh moill ar fhaomhadh na scéime ó na Ranna Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinneadh roinnt dul chun cinn in 2013 agus tá súil leis go dtabharfar an cleachtadh chun críche in 2014 ar deireadh thiar.

Léirigh athbhreithniú achtúireach ar na dliteanais phinsin easnamh €99,377 sa scéim ag deireadh 2013, anuas ó €129,231 in 2012. Tá súil ag an CAR €109,419 a chur leis an scéim pinsin in 2014.

In 2013, rinne an CAR feidhmeanna neamhchroí-riaracháin a sheachfhoinsiú a bhain le caidreamh leis na meáin, TF agus riarachán párolla.

## Dualgais riarachán


Tugann an CAR faoi chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Mar gheall ar nádúr ár ngníomhaíochtaí agus an líon beag comhaltaí foirne, níl roinnt gnéithe den Chód infheidhme.

D'úsáid an CAR 1,840 cileavata fuinnimh in 2013, arb ionann seo agus nach mór an méid céanna a úsáideadh in 2012 (1,849 cileavata).

Ceanglaíonn an tAcht um Rialáil Eitlíochta ar an CAR chun ár ráitis airgeadais a chur faoi bhráid an Aire Iompair do bhliain ar leith faoi

dheireadh mhí an Mheithimh an bhliain dá éis sin. Idir an dá linn, ní mór don CAR na cuntais lena n-iniúchadh a chur faoi bhráid oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (A-R C agus C). Gach bliain, chuir an CAR a ndréachtchuntais faoi bhráid an A-R C agus C laistigh de dhá mhhí roimh dheireadh na bliana féilire lenar bhain siad.

### Cairt 4.1: Cuntais: Aighneacht an CAR agus faomhadh iniúchta an A-R C agus C




*Foinse: An CAR*

Gach bliain, cheadaigh an A-R C agus C cuntais an CAR. Ní dhearnadh seo, áfach, go tráthúil ach in 2005 chun na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Aire faoin spriocdháta. Tá méadú tagtha ar an moill le himeacht ama, amhail a fheictear ón gcairt thuas. Mar gheall ar thosca nach bhfuil aon smacht againn orthu, níorbh fhéidir leis an CAR, formhór na mblianta, an spriocdháta reachtúil a bhaint amach.

## Trédhearcacht agus Saoráil Faisnéise

Tugann an CAR faoina gcuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear páipéir chomhairliúcháin, fógraí, cáipéisí tacaíochta, freagairtí ó pháirtithe leasmhara agus cinntí rialála ar ár láithreán gréasáin www.aviationreg.ie. Áirítear liosta de na cáipéisí a d'fhoilsigh an CAR in 2013 san aguisín leis an tuarascáil bhliantúil seo. Ó Mhárta 2012 i leith, d'fhoilsigh an CAR ábhar gach ráithe ar ár láithreán gréasáin maidir le sonraí ar a n-orduithe ceannaigh ar mhéideanna os cionn €20,000.

In 2013, rinneadh dhá iarratas ar an CAR faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus deonaíodh an dá cheann go páirteach.

## Dlíthíocht

Tugadh leachtú Fáilte Travel Ltd, ar chuir an CAR tús leis in 2009 tar éis gur chlis an chuideachta, chun críche in 2013.

Faoi leachtú ar leith, fuaireamar €28,840 mar leithdháileadh eatramhach de 40% d'éileamh faofa an CAR i leith Budget Travel.

Lean imeachtaí dlí ag an CAR le híocaíocht banna a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, leanamar leis an oifig a chosaint i ngníomhaíocht ag gníomhaire taistil d'íocaíocht suim airgid a líomhnaíonn siad atá le híoc leo tar éis gur ghlac siad ceannas ar áirithint custaiméirí a bhí thíos le cliseadh gnó gnóthas eile taistil.

## An Coiste Iniúchta

Chas an Coiste Iniúchta ar a chéile ceithre huaire i rith 2013. Ag gach cruinniú, choimeád an Coimisinéir an Coiste cothrom le dáta ar ghníomhaíochtaí, obair leanúnach agus príomhcheisteanna an CAR. D'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe ó am go chéile de réir mar ba ghá agus mar a bhí oiriúnach. Anuas air sin, d'fhreastail na hiniúchóirí neamhspleácha inmheánacha ar chruinnithe ar bhonn rialta chun an Coiste a choimeád nuashonraithe ar an bplean iniúchta agus ar thuarascálacha gaolmhara iniúchta.

In 2013, dhírigh an Coiste Iniúchta ar na príomhlimistéir a leanas:

- Rialú inmheánach airgeadais
- Athbhreithniú agus tacaíocht a bhain le Clár Riosca an Choimisiúin
- Leanúnachas Gnó
- Slándáil Faisnéise
- Scéimeanna Pinsin an CAR, agus
- Comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

| | |
|---|---|
| Cód Iompair an CAR | Tá Cód Iompair ann d'fhostaithe an CAR. |
| Iniúchadh Inmheánach | Cheap an CAR gnóthas iniúchóirí (D'Arcy Lynch) chun tabhairt faoina bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach faoi threoir Coiste Seachtrach Iniúchta. In 2013, rinne D'Arcy Lynch athbhreithniú ar chur i bhfeidhm iarmholtaí iniúchta agus rinne siad iniúchadh ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais. Rinne an Coimisinéir, an bhainistíocht shinsearach agus an Coiste Iniúchta breithniú ar a dtuarascálacha. Anuas air sin, tugadh faoi obair allamuigh le haghaidh iniúchadh TF a bhí le cur faoi bhráid na bainistíochta agus an Choiste Iniúchta i Ráithe 1 in 2014. |
| Soláthar | Comhlíonann nósanna imeachta soláthair an CAR na treoirlínte agus na treoracha náisiúnta agus threoirlínte agus threoracha an AE, sa chás gurb infheidhme. Mar gheall ar luach thromlach na gconarthaí, is gnách go mbíonn treoirlínte náisiúnta i gceist.<br><br>D'fhorbair an CAR plean soláthair, ina leagtar amach na limistéir ina bhfuiltear ag súil le tairiscint a chur isteach le haghaidh seirbhísí. |
| Diúscairt sócmhainní agus rochtain ar shócmhainní ag tríú páirtithe. | Níl aon sócmhainní ag an CAR de chuid an scála agus an luacha faoi na treoirlínte (€150,000). Níor thit aon diúscairtí sócmhainní amach i rith 2013. |
| Éagsúlacht | Ní dhearna an CAR aon tograí éagsúlachta don Aire in 2013. |
| Breithmeas Infheistíochta | Níor fhabhraigh an CAR aon chaiteachas suntasach caipitiúil in 2013 a tháinig laistigh de scóip na ngníomhaíochtaí a beartaíodh i *dTreoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitiúil san Earnáil Phoiblí 2005* de chuid an Rialtais. Rinne siad caiteachas TFC a thuairisciú don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir mar ba ghá. |
| Luach saothair tháillí na bainistíochta sinsearaí agus na stiúrthóirí | Leagtar amach sa mhír *Acmhainní Daonna* den chaibidil seo faisnéis ar an limistéar seo. Níl aon stiúrthóirí againn agus níl aon fheidhm ag táillí dá bharr sin. |
| Socruithe tuairiscithe | Cuireann an CAR tuairiscí faoi bhráid an Aire Iompair, de réir mar is gá. Tá córas cuntasaíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún a chuireann tuairiscí mionsonraithe bainistíochta agus airgeadais ar fáil do na bainisteoirí sinsearacha. Glacann an CAR le Caighdeáin Tuairiscithe Idirnáisiúnta i dtaobh a gcuid tuairiscithe. Ríomhann siad a gcuntas ar an gcóras cuntasaíochta fabhraithe seachas nuair a shonraítear sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na cuntais seo.<br><br>Tá bearta glactha ag an CAR chun an dualgas a chomhlíonadh chun leabhair chuí chuntais a choimeád. Coimeádtar iad seo ag a n-oifig aonair. |

| | |
|---|---|
| Pleanáil straitéiseach agus chorparáideach | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an CAR leagtha amach san Acht um Rialáil Eitlíochta, 2011, san Acht um Aerfoirt Stáit, 2004 agus san Acht Eitlíochta, 2006.<br><br>Déanann an CAR tuairisciú bliantúil don Aire Iompair ar an mbealach inar díscaoileadh na feidhmeanna seo an bhliain roimhe sin.<br><br>Níor réitigh an CAR plean straitéiseach cúig bliana. Comhaontaíodh an cinneadh leis an Roinn Iompair tar éis gur fhógair an rialtas i nDeireadh Fómhair 2009 go gcónascfaí an CAR leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Fógraíodh le gairid i Samhain 2011, i *bPlean Athchóirithe don Earnáil Phoiblí,* go gcónascfaí cuid den IAA leis an CAR. |
| Comhlíonadh cánach | Ta an CAR faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus Cáin Iarchoimeádta do Sheirbhísí Proifisiúnta (CISP) a íoc. Tá gach tuairisceán ábhartha cánach seolta isteach ag an CAR don bhliain 2013 agus tá siad go hiomlán comhlíontach i dtaobh cánach de. |
| RRIA | Dhearbhaigh an Coimisinéir sna ráitis airgeadais do 2013 gur tugadh faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an ráitis ar rialú inmheánach airgeadais (RRIA) an bhliain sin. Cuimsítear sa RRIA sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe airgeadais. Chun críche fhreagracht an Oireachtais, is é an Coimisinéir an tOifigeach Freagrach. |
| Beartas Taistil | Comhlíonann an CAR ceanglais bheartas taistil an Rialtais. |
| Nochtadh leasa | Tá an Coimisinéir, foireann an CAR, agus gach comhairleoir, de réir mar a éilítear, comhlíontach leis na ceanglais nochta ábhartha a eascraíonn faoi alt 18 den Acht um Eiticí in Oifigí Poiblí, 1995 agus ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.<br><br>Is ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí atá an fhreagracht as iomaíocht a eagrú chun Comhalta an Choimisiúin a cheapadh. Tá Coimisinéir amháin ann faoi láthair. |
| Bainistíocht Riosca | Coimeádann an CAR clár riosca ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta agus oibríonn an CAR leis an gcoiste iniúchta chun rioscaí a bhainistiú. |

# FAISNÉIS AIRGEADAIS

## Tobhach

Féadfaidh an CAR rialacháin a dhéanamh chun tobhach a ghearradh chun íoc as na costais a thabhaítear go cuí agus a gcuid feidhmeanna á ndíscaoileadh acu. Tá an tobhach le híoc ag na haicmí siúd ceangaltais a shonróidh an Coimisiún.

An 12 Nollaig 2013, d’eisigh an CAR I.R. Uimh. 491 de 2013 chun an Tobhach le haghaidh 2014 a shocrú. Tá na hioncaim a bhfuil súil ag an gCoimisiún a fháil ón tobhach in 2014 9% níos ísle i dtéarmaí ainmniúla ná ioncaim ó thobhach 2013.

## Ráitis Airgeadais

I bhFeabhra 2013, cuireadh na ráitis airgeadais le haghaidh 2012 faoi bhráid an Ar—Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. In Eanáir 2014, ar críochnú an iniúchta, cuireadh iad faoi bhráid an Aire Iompair. A luaithe a chuirtear iad faoi bhráid Thithe an Oireachtais, cuirfear iad ar láithreán gréasáin an CAR.

Réitíodh dréachtráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus cuireadh ar aghaidh iad lena n-iniúchadh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 5 Márta 2014. Léirítear sliocht as na ráitis seo sna leathanaigh thíos.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **€** | **€** |
| Ioncam ón Tobhach | 1 | 2,522,588 | 2,220,260 |
| Táillí Ceadúnais | 1 | 162,569 | 168,263 |
| Eile | 1 | 40,333 | 41,513 |
| **Ollioncam** | | 2,725,490 | 2,430,036 |
| Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitiúil | 9 | 8,887 | 15,380 |
| **Glanioncam** | | 2,734,377 | 2,445,416 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 3 | 1,140,270 | 1,293,962 |
| Costais Phinsin | 10 (a) | 86,990 | 136,593 |
| Comhairleoireacht | | 42,585 | 26,351 |
| Táillí dlí | | 24,342 | 181,370 |
| Cíos | | 281,425 | 282,363 |
| Éascú Sceideal | | 278,939 | 277,806 |
| Eile | | 414,253 | 427,873 |
| | 2 | 2,268,804 | 2,626,318 |
| Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin | 14 | 465,573 | (180,902) |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | 2,103,823 | 2,284,725 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | 2,569,396 | 2,103,823 |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Cathal Guiomard**
**Coimisinéir**

**An 5 Márta 2014**

DRAFT

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin | | 465,573 | (180,902) |
| Toradh iarbhír lúide an toradh ionchasach ar shócmhainní na scéime pinsin | 10 (c) | 134,397 | 112,920 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsin | 10 (d) | 111,663 | 46,618 |
| Athruithe ar thoimhdí faoi luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | (251,454) | - |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | | (5,394) | 159,538 |
| Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána don Bhliain Airgeadais | | 460,179 | (21,364) |

Is ionann an gnóthachan carnach a aithnítear ó ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha le ceithre bliana anuas agus €247,101.

| Gluaiseacht i gCúlchiste na bPinsean | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | (42,543) | (202,081) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | (5,394) | 159,538 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | (47,937) | (42,543) |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Cathal Guiomard**
**Coimisinéir** **An 5 Márta 2014**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | € | 2013 € | € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 4 | | 9,468 | | 18,355 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Cuntais Bhainc | 5 | 14,703,337 | | 15,522,828 | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 6 | 238,450 | | 250,586 | |
| | | 14,941,787 | | 15,773,414 | |
| **Creidiúnaithe: Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 7 | (137,732) | | (338,165) | |
| Cuntais Bhannaí Airgid | 5 | (12,183,219) | | (13,244,738) | |
| | | (12,320,951) | | (13,582,903) | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | | | 2,620,836 | | 2,190,511 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | 2,630,304 | | 2,208,866 |
| **Soláthar do Dhliteanais agus Muirir** | 8 | | - | | - |
| **Glansócmhainní gan Dliteanas Pinsin a Áireamh** | | | 2,630,304 | | 2,208,866 |
| Glansócmhainn/(Dliteanas) Pinsin | 10 (b) | | (99,377) | | (129,231) |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) lena n-áirítear Sócmhainn/(Dliteanas) Pinsin** | | | 2,530,927 | | 2,079,635 |
| **Maoinithe ag:** | | | | | |
| Barrachas/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais | | | 2,569,396 | | 2,103,823 |
| Cuntas Caipitil | 9 | | 9,468 | | 18,355 |
| Cúlchiste Pinsin | | | (47,937) | | (42,543) |
| | | | 2,530,927 | | 2,079,635 |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Cathal Guiomard**
**Coimisinéir** **An 5 Márta 2014**

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí glan-insreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas | | 465,573 | (180,902) |
| Difríocht idir Costas Pinsin agus Ranníocaíocht Fostóra | | (35,248) | 36,036 |
| Dímheas | 4 | 10,904 | 15,154 |
| Ús Bainc a fuarthas glan ar mhuirir bhainc a íocadh | | (37,469) | (37,577) |
| Amúchadh sómhainní caipitiúla | | (8,887) | (15,154) |
| Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe | 6 | 20,556 | 701,915 |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 6 | (8,420) | (3,103) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe | 7 | (78,409) | 46,471 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 7 | (122,024) | 134,594 |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthar | 8 | - | (325,533) |
| **Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | 206,576 | 371,901 |
| **An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 206,576 | 371,901 |
| Torthaí ar Infheistíocht | | | |
| Ús Bainc | | 40,303 | 40,372 |
| Muirir Bhainc a Íocadh | | (2,834) | (2,795) |
| Caiteachas Caipitil | | | |
| Sócmhainní Seasta a Ceannaíodh | 4 | (2,017) | - |
| Maoiniú | | | |
| Méadú/(Laghdú) ar Chuntais Bhannaí Airgid agus TPF | 5 | (1,061,519) | 765,912 |
| Bainistíocht Acmhainní Leachtacha | | | |
| (Méadú)/Laghdú ar Chistí ar Éarlais | 5 | (90,303) | (416,365) |
| **Méadú/(laghdú) ar Iarmhéideanna Airgid** | | (909,794) | 759,025 |
| **Réiteach an ghlansreafa airgid do ghluaiseacht sna glanchistí** | | | |
| Méadú/(laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse | | (909,794) | 759,025 |
| Airgead a úsáideadh chun acmhainní leachtacha a (laghdú)/mhéadú | 5 | 90,303 | 416,365 |
| Athrú ar Ghlanchistí | | (819,491) | 1,175,390 |
| Glanchistí Tosaigh | | 15,522,828 | 14,347,438 |
| Glanchistí Deiridh | | 14,703,337 | 15,522,828 |

Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo.

**Cathal Guiomard**
**Coimisinéir**

**An 5 Márta 2014**

# AGUISÍN

## Páipéir an CAR in 2013

| | |
|---|---|
| CP1/2013<br>Eanáir 2013 | Cinneadh an Choimisiúin tar éis Atreorú Phainéal Achomhairc Eitlíochta 2012 |
| CP2/2013<br>Iúil 2013 | Páipéar Saincheisteanna: An tUasleibhéal Muirir Aerfoirt Bhaile Átha Cliath |
| CN1/2013<br>Eanáir 2013 | Socruithe le haghaidh Ceadúnú Trádáil Taistil in Earrach 2013 |
| CN2/2013<br>Iúil 2013 | Socruithe le haghaidh Ceadúnú Trádáil Taistil i bhFómhar 2013 |

## Tuarascáil Aschuir

## Muirir agus Rialáil Sealanna

| Sprioc 2013 | Toradh 2013 |
|---|---|
| Tús a chur leis an obair ar an gcéad chinntiúchán eile a rialóidh muirir aerfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | ➢ Foilsíodh an Páipéar Saincheisteanna in Iúil 2013 |
| Comhairle ar athruithe féideartha ar an gcóras sealanna | ➢ Cuireadh comhairle ar fáil don DTTAS i gcaitheamh na bliana maidir le córas ceadaithe a thabhairt isteach<br>➢ Achtaíodh an IR nua go déanach in 2013 |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaidhpeanna reatha praghais agus oibriú leanúnach gan stró<br>an chórais reatha sceidealaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chinntiú | ➢ Chruthaigh an CAR don DAA agus don IAA gur chomhlíon siad na caidhpeanna praghais<br>➢ Foilsíodh tuarascálacha ráithiúla ar bhearta cáilíochta seirbhíse don DAA agus don IAA<br>➢ D'fhreastalaíomar ar chruinnithe an Choiste Comhordaithe agus d'idirghníomhaíomar leis an ACL chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí tráchta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |

## Ceadúnú agus Faomhadh

| Sprioc 2013 | Toradh 2013 |
|---|---|
| Leanúint leis an gceadúnú agus le córais faofa a riar d'aeriompróirí, láimhseálaithe ar an talamh agus do ghnóthais trádáil taistil | ➢ Rinneadh monatóireacht ar gach sealbhóir reatha ceadúnais i leith chomhlíonadh na reachtaíochta<br>➢ Eisíodh 274 ceadúnas taistil agus tugadh cuairt ar 31 cuideachta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh<br>➢ D'éag faomhadh láimhseála ar an talamh a bhí i seilbh 7 gcuideachta agus rinneadh iad a athnuachan |
| Togra an CE le haghaidh Rialachán leasaithe ar Láimhseáil ar an Talamh | ➢ Níor críochnaíodh na tograí go fóill ar leibhéal an AE |

## Cearta Aerphaisinéirí


| Sprioc 2013 | Toradh 2013 |
|---|---|
| Comhlíonadh dhlíthe an AE a chinntiú maidir le cearta paisinéirí | ➢ Fuarthas 1,235 gearán nua, 446 gearán mar gheall ar chomhlachtaí forfheidhmithe contrapháirte<br>➢ Rinneadh imscrúdú ar 789 gearán agus tugadh 662 díobh chun críche<br>➢ Rinneadh iniúchadh ar 10 n-aerfort |
| Thuiscint phoiblí a mhéadú ar shaincheisteanna cearta aerphaisinéirí | ➢ Glacadh páirt in Aonach Saoirí Domhanda i mBaile Átha Cliath<br>➢ Eagraíodh feachtais feasachta ar líne agus sna meáin chlóite |
| Treoirlínte a fhorbairt do chur i bhfeidhm ceart na forála 'cúinsí neamhghnácha' agus liosta cuimsitheach de shamplaí aitheanta agus comhaontaithe a chur i dtoll a chéile | ➢ Glacadh páirt i ngrúpa oibre<br>➢ Foilsíodh treoirlínte i Samhradh 2013 |

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Ceadúnú | | |
| Tugadh fógra d'iarratasóirí ar cheadúnas i leith cáipéisí a d'imigh ar iarraidh laistigh de sheachtain | 28% | 57% |

| | | |
|---|---|---|
| Tugadh cinneadh i bprionsabal d'iarratasóirí ar cheadúnas laistigh de mhí | 64% | 46% |
| Ceadúnais eisithe laistigh de choicís tar éis go bhfuarthas na cáipéisí go léir | 92% | 100% |
| Líon áitribh na gceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu | 31 | 42 |
| **Éilimh agus Aisdúichiú** | | |
| Líon na n-éileamh a fuarthas tar éis gur chlis trádáil taistil | 12 | 0 |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 100% | n/b |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | 100% | n/b |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de sé mhí | 100% | n/b |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | 10% | n/b |
| Líon na bpaisinéirí a rinneadh a aisdúichiú | 0 | 0 |
| Paisinéirí a bhí ar feitheamh aisdúichiú tar éis dáta sceidealaithe fillte | n/b | n/b |
| Paisinéirí a bhí ar feitheamh aisdúichiú ar feadh breis agus seachtain | n/b | n/b |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | | |
| Réamh-athbhreithnú ar ghearáin a críochnaíodh laistigh de sheachtain | 90% | 82% |
| Gearáin a atreoraíodh chuig NEB eile laistigh de mhí tar éis iad a fháil | 98% | 100% |
| Imscrúduithe a críochnaíodh laistigh de thrí mhí tar éis iad a fháil[7] | 84% | 78% |
| Imscrúduithe a críochnaíodh laistigh de sheacht mí tar éis iad a fháil[8] | 97% | 88% |
| Líon n-imscrúduithe aerfoirt | 10 | 8 |
| **Costais** | | |
| Athrú bliantúil ar chostais an CAR | -16% | 10% |
| Muirear bliantúil ar chostais an CAR (gan táillí dlí, costais chomhordaithe aerfoirt agus phróiseála éileamh a áireamh) | -10% | -5% |

[7] I gcás gearán a fuarthas idir an 1 Iúil 2012 agus an 30 Meitheamh 2013; a shamhail de mhoilleanna agus moilleanna i mblianta roimhe seo.
[8] I gcás gearán a fuarthas idir an 1 Iúil 2012 agus an 30 Meitheamh 2013; a shamhail de mhoilleanna agus moilleanna i mblianta roimhe seo.


Sracfhéachaint ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta
Leagaimid teorainn ar mhuirir Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
Déanaimid na haerlínte, trádáil an taistil agus na láimhseálaithe ar an talamh a cheadúnú
Déanaimid imscrúdú ar ghearáin ó phaisinéirí
Gníomhaíochtaí
Ceadúnais a eisíodh
Laistigh de choicís tar éis gach cáipéis a fháil
92%
Gearáin ó Phaisinéirí a Réitíodh
Laistigh de thrí mhí tar éis iad a fháil
84%
Gníomhairí taistil 221
Aerlínte 14
Láimh-seálaithe 48
Oibreoirí turais 53
Ceadúnais
Aisghafa do phaisinéirí ar cuireadh isteach ar a n-eitiltí
Acmhainní
2006 €3.9m
2013 €2.2m
Costais iomlána
2006 20
2013 15
Foireann
Cíos€0.3m
Éascú sceideal €0.3m
Foireann €1.1m
Eile 0.6m
2013 Caiteachais
Source: CAR 2013 annual report